COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

47 SRÁID HARRINGTON

BAILE ÁTHA CLIATH 8

RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

CLÁR	LEATHANACH
EOLAS	3
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	4/5
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ	6
DEARBHÚ STIÚRTHÓIRÍ	7
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA	8/9
RÁITEAS AR IONCAM AGUS AR CHAITEACHAS	10
RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS	11
NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS	12/14
RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID	15

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

STÍURTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE

STIÚRTHÓIRÍ	Cathal Goan Muireann Ní Mhóráin Uaitéar Ó Ciaruáin Paula Ní Shlatarra Gréagóir Ó Dúill Liam Mac Amhlaigh Kevin de Barra Fiachra Ó Marcaigh Orla Ní Chuilleanáin Cormac Breathnach (ó 11 Aibreán 2016) Ciara Ní Éanacháin (ó 11 Aibreán 2016) Aindriú Ó Faoláin (go 9 Feabhra 2015)
RÚNAÍ	Fiachra Ó Marcaigh
OIFIG CHLÁRAITHE	47 Sráid Harrington Baile Átha Cliath 8
UIMHIR CHLÁRAITHE	047559
UIMHIR CHY	6355
BAINCÉIRÍ	Banc na hÉireann 2 Faiche an Choláiste Baile Átha Cliath 2.
INIÚCHÓIR	Dáithí Ó Maolchoille Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta 75 Páirc Weston Baile an Teampaill Baile Átha Cliath D14 HW58.

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015 ar fáil.

ATHBHREITHNIÚ AR FHORBAIRT NA CUIDEACHTA

Ba é príomhghnó na cuideachta i rith na bliana ná iris agus leabhair Ghaeilge a fhoilsiú.

TORTHAÍ NA BLIANA AGUS STAID CÚRSAÍ AR 31 NOLLAIG 2015

Tá an ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus an ráiteas faoin staid airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015 ar leathanaigh 10 go 15. Tá torthaí ó ghnáthghníomhachtaí roimh cháin le léamh sa ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas ar leathanach 10. Tá staid chúrsaí na cuideachta léirithe ar an ráiteas faoin staid airgeadais ar leathanach 11.

COTHROMAS

Tá gluaiseacht an chothromais léirithe i Nóta 4 de na Nótaí ar na ráitis airgeadais ar leathanach 13.

STIÚRTHÓIRÍ

Is iad seo leanas na stiurthóirí a bhí ann le linn na bliana:

Cathal Goan
Muireann Ní Mhóráin
Uaitéar Ó Ciaruáin
Paula Ní Shlatarra
Gréagóir Ó Dúill
Liam Mac Amhlaigh
Kevin de Barra
Fiachra Ó Marcaigh
Orla Ní Chuilleanáin
Cormac Breathnach (ó 11 Aibreán 2016)
Ciara Ní Éanacháin (ó 11 Aibreán 2016)
Aindriú Ó Faoláin (go 9 Feabhra 2015)

De réir Airteagail Chomhlachais na cuideachta éiríonn Cathal Goan, Muireann Ní Mhóráin agus Gréagóir Ó Dúill as an mBord Stiúrtha agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith tofa.
Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015
(ar leanúint)

IMEACHTAÍ TÁBHACHTACHA Ó DHEIREADH NA BLIANA

Leanfaidh an chuideachta ag foilsiú na hirise míosúla "Comhar" agus ag foilsiú leabhar.

FORBAIRTÍ SA GHNÓTHAS AMACH ANSEO

Leanfaidh an chuideachta ag foilsiú irise míosúla agus leabhar sa bhliain seo chugainn.

TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Is iad na céimeanna a ghlacann na stiúrthóirí chun slánú a dhéanamh de go bhfuil coinníollacha Alt 281 go 285 de Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta a choimeád á gcomhlíonadh ná: na polasaithe agus na nósmhaireachtaí riachtanacha a fheidhmiú chun idirbhearta a chlárú; foireann chuntasaíochta chumasach, le taithí oiriúnach, a fhostú; agus dóthain acmhainní a sholáthar chun chúram a dhéanamh de na taifid chuntasaíochta. Coimeádtar na taifid chuntasaíochta ag oifig chláraithe na cuideachta.

INIÚCHÓIR

Chuir Dáithí Ó Maolchoille, Cuntasóir Cairte agus Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta, in iúl go bhfuil sé toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 383(2), Acht na gCuideachtaí 2014.

PRÍOMHRIOSCAÍ AGUS ÉIGINNTEACHTAÍ

Faigheann an chuideachta a cuid ioncaim ó fhoilsiú iris agus leabhar Gaeilge móide deontais ó Fhoras na Gaeilge. Is é maoiniú imeachtaí na cuideachta an príomhriosca atá ag an gcuideachta. Tuigtear do na stiúrthóirí go leanfaidh foinsí maoinithe go dtí 2017 ar a laghad.

Ar son na stiúrthóirí
CATHAL GOAN

FIACHRA Ó MARCAIGH
Stiúrthóirí

11 Aibreán 2016

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe agus rialachán oiriúnacha.

De réir dlí cuideachta tá iallach ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais. De réir an dlí roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn. De réir dlí cuideachtaí ní foláir do na stiúrthóirí gan ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom ar shócmhainní, dhliteanais agus stádas airgeadais na cuideachta amhail ar dháta dheireadh bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus go ngéilleann siad ar gach dóigh eile do Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,

- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,

- a rá ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir chaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint agus tionchur agus cúiseanna imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin a nótáil, agus

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a áirithiú go gcoimeádann an chuideachta nó go gcoinníonn an chuideachta ar coimeád taifid chuí chuntasaíochta a mhíníonn agus a chláraíonn mar is ceart idirbhearta na cuideachta, a chuireann ar a gcumas am ar bith sócmhainní, dliteanais, stádas airgeadais agus brabús agus caillteanas na cuideachta a aimsiú le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a gcumas a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.
Ar son na stiúrthóirí
CATHAL GOAN
FIACHRA Ó MARCAIGH
Stiúrthóirí
11 Aibreán 2016

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

DEARBHÚ STIÚRTHÓIRÍ

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 10 go 15 á bhfaomhadh ag an stiúrthóirí agus deimhníonn siad go bhfuil siad freagrach astu, roghnú polasaithe cuntasaíochta cuí san áireamh, iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus na breithiúnais thacaíochta a dhéanamh ar bhunús réasúnta agus stuama. Ullmhaíodh iad ar bhunús gnóthais leantaigh ar an mbonn go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí gur chuir siad taifid chuntasaíochta uile na cuideachta ar fáil don iniúchóir agus tugadh dó an fhaisnéis go léir atá riachtanach chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Deimhníonn na stiúrthóirí, chomh fada agus is eol dóibh agus a chreideann siad, go léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta uile na cuideachta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2015.

Ar son na stiúrthóirí

CATHAL GOAN

FIACHRA Ó MARCAIGH

Stiúrthóirí

11 Aibreán 2016

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Comhar Teoranta don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2015 ar a n-áirítear an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas, an Ráiteas faoin Staid Airgeadais, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, an Ráiteas faoin Ioncam Uileghabhálach agus na nótaí gaolmhara ar leathanaigh 10 go 15. Is iad dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann (Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn) an creat tuairisciú airgeadais atá i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Is do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, faoi réir Alt 391 de Acht na gCuideachtaí 2014 a dhéantar an tuarascáil seo. Chuaigh mé i mbun na hoibre iniúchta go bhféadfainn a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orm a lua i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht do dhuine ar bith seachas don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as mo obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus an iniúchóra faoi seach

Mar atá mínithe níos iomláine san Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 4, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom agus go ngéilleann siad do Acht na gCuideachtaí 2014 ar gach dóigh eile. Is é an dualgas atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a nochtadh orthu faoi réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin seo go gcloífinn le Caighdeáin Eitice do Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchta, (mar atá leagtha amach i nóta 10 de na ráitis airgeadais).

Scóp iniúchadh na ráiteas airgeadais

Áirítear, in iniúchadh, fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtadh faisnéise sna ráitis airgeadais chun dóthain cinnteachta réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu calaois nó earráid ba chúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad; réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasacha a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais. De bhreis air sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais go léir i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun nithe neamh-chomhsheasmhacha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint agus chun aon eolas, a bhfuil an dealramh air go bhfuil sé míchruinn agus é bunaithe ar, nó atá neamh-chomhsheasmhach le, heolas ar tháinig mé air a aithint agus mé ag gabháil den iniúchadh. Má thagaim ar eolas faoi mhíráiteas nó faoi nithe neamh-chomhsheasmhacha ábhartha déanaim na himpleachtaí do mo thuarascáil a mheas.

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ (ar leanúint)

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is í mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus stádas airgeadais na cuideachta mar a bhí ar an 31 Nollaig 2015 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn agus go háirithe le ceangaltais Acht na gCuideachtaí 2014.

Ábhair a éilíonn Acht na gCuideachtaí 2014 orm a thuairisciú

- Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá i gcomhair mo iniúchta.
- Is í mo thuairim go raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach chun na ráitis airgeadais a bheith iniúchta go héasca agus mar is cuí.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.
- Is í mo thuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

Ábhair gur gá dom a thuairisciú go heisceachtúil

Níl aon ní le tuairisciú agam a n-éilítear orm ag forálacha Acht na gCuideachtaí 2014 a thuairisciú daoibh más í mo thuairim é nach nochtar luach saothair nó idirbhearta na stiúrthóirí atá sonraithe sa dlí.

Dáithí Ó Maolchoille
Iniúchóir Cláraithe, Cuntasóir Cairte
Sínithe ar a shon agus thar a cheann:
Dáithí Ó Maolchoille
Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta
75 Páirc Weston
Baile Átha Cliath D14 HW58

11 Aibreán 2016

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

RÁITEAS AR IONCAM AGUS AR CHAITEACHAS

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

	Nótaí	2015 €	2014 €
Barrachas ó ghnáthghníomhachtaí roimh cháin		23,946	1,609
Cáin ar thorthaí ó ghnáthghníomhachtaí	3	-	-
Barrachas ó ghnáthghníomhachtaí tar éis cánach	4	23,946	1,609

RÁITEAS FAOIN IONCAM UILEGHABHÁLACH

Tá na torthaí díorthaithe ó ghnóthaí leanúnacha. Ní raibh gnóthachan ná caillteanas ar bith admhaithe seachas toradh coimeádta na tréimhse airgeadais. Ní raibh gluaiseachtaí ar bith i gcistí na cuideachta i rith na tréimhse seachas toradh coimeádta na tréimhse airgeadais.

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

RÁITEAS FAOIN STAID AIRGEADAIS AR 31 NOLLAIG 2015

	Nótaí	2015 €	2014 €
SÓCMHAINNÍ NEAMH-REATHA			
Sócmhainní inláimhsithe	5	-	-
Infheistíocht	6	32	32
		32	32
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Fardal		32,960	24,217
Infhaltais	7	48,387	14,625
Airgead agus coibhéisí airgid		12,609	27,252
		93,956	66,094
INÍOCAÍOCHTAÍ (suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin)	8	(36,868)	(32,952)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		57,088	33,142
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS		57,120	33,174
COTHROMAS			
Raiteas ar ioncaim agus ar chaiteachais	4	57,120	33,174

Ar son na stiúrthóirí

CATHAL GOAN

FIACHRA Ó MARCAIGH

Stiúrthóirí
11 Aibreán 2016

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

1. POLASAÍ CUNTASAÍOCHTA

Gnás Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi réir caighdeán chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn. Is iad caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn agus ráitis airgeadais á n-ullmhú ag tabhairt léargais fíor agus cothrom ná caighdeáin chuntasaíochta foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann agus eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe Dochta

Soláthraítear dímheas ar na sócmhainní inláimhsithe go léir ag rátaí atá measta chun costas na sócmhainní, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar an tréimhse a mbíonn siad inúsáidte ar mhodh na líne dírí mar a leanas:

Trealamh ríomhaireachta a maoiníodh go hiomlán ag deontas a fuarthas	100%
Troscán	20%

Fardal

Luacháiltear fardal leabhar ag a bhunchostas nó ag a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is lú tar éis fardel críon nó mallghluaiste a dhíscríobh. Áirítear i gcostas an caiteachas go léir a rinneadh le linn gnáthchúrsaí na cuideachta chun na leabhair a thabhairt go dtí a suíomh agus a n-ordú reatha.

2. FOSTAITHE AGUS TUARASTAIL

Is é líon na ndaoine a fostaíodh le linn na tréimhse mar a leanas:

Feidhmeannach	2015 1 =	2014 1 =
	€	**€**
Tuarastal	34,360	31,500
Costais leasa shóisialta	3,694	3,386
Préimheanna pinsean	1,001	-
	39,055	34,886
	=====	=====

Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.

3. CÁIN AR THORTHAÍ AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ

Tá stádas carthanúil faighte ag an gcuideachta ó na Coimisinéirí Ioncaim a thugann faoiseamh ó cháin i leith ioncaim nó ghnócháin chaipitiúla a úsáidtear agus atá inúsáidte chun críche aidhmeanna carthanúla amháin. Bronnadh an stádas sin ar an gcuideachta i litir ó na Coimisinéirí Ioncaim dar dáta 12 Lúnasa 1982.

4. COTHROMAS

	2015	2014
	€	€
Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas:		
Barrachas ag tús na bliana	33,174	31,565
Barrachas na bliana	23,946	1,609
Barrachas ag deireadh na bliana	57,120	33,174

5. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE DOCHTA

2015 agus 2014	Troscán	Ríomhairí	Iomlán
Costas	€	€	€
Ar 1 Eanáir agus ar 31 Nollaig	2,869	15,046	17,915
Dímheas			
Ar 1 Eanáir agus ar 31 Nollaig	2,869	15,046	17,915
Glanmhéid			
31 Nollaig 2015	-	-	-
31 Nollaig 2014	-	-	-

6. INFHEISTÍOCHT

	2015	2014
	€	€
Comharchumann neamhliostaithe:		
Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta (Raidió na Life) 25 scair - costas	32	32

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS
DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015
(ar leanúint)

7. INFHÁLTAIS

	2015	2014
	€	€
Infháltais ghinearálta	42,545	12,056
Cáin Bhreisluacha	5,842	2,569
	48,387	14,625

8. INÍOCAÍOCHTAÍ

	2015	2014
	€	€
Iníocaíochtaí ginearálta	35,099	31,852
Cáin fostaíochta	1,769	1,100
	36,868	32,952

9. STÁDAS NA CUIDEACHTA

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal is ea an chuideachta. Tá ráthaíocht na gcomhaltaí teoranta go €1.27 an chomhalta a leanann ar feadh bliana amháin tar éis deiridh le comhaltas aonair.

10. SEIRBHÍSÍ CURTHA AR FÁIL AG INIÚCHÓIR NEAMHSPLÉACH

Dála a lán gnóthas eile ar chóimhéid agus den chineál céanna, cuidíonn ár n-iniúchóir linn na ráitis airgeadais a ullmhú, tuairisceáin bhliantúla a ullmhú agus a chur faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí agus tuairisceáin a ullmhú agus a chur faoi bhráid na n-údarás cánach.

11. FAOMHADH LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ar 11 Aibreán 2016 d'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh siad go n-eiseofaí iad.

COMHAR TEORANTA
(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

	2015 €	2014 €
(EIS)/INSREABHADH GLAN AIRGID THIRIM Ó GHNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN	(14,643)	19,816
(LAGHDÚ)/MÉADÚ AIRGID	(14,643)	19,816

ANAILÍS AR GHLUAISEACHTAÍ AIRGID I RITH NA BLIANA

Airgead sa bhanc:

Airgead sa bhanc ag tús na bliana	27,252	7,436
In/(eis)sreabhadh airgid thirim glan	(14,643)	19,816
Airgead sa bhanc ag deireadh na bliana	12,609	27,252

RÉITEACH IDIR BARRACHAS NA BLIANA AGUS (EIS)/INSREABHADH AIRGID THIRIM Ó GHNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN

Barrachas na bliana	23,946	1,609
(Méadú) ar fhardal	(8,743)	(3,525)
(Méadú) ar infháltais	(33,762)	(1,014)
(Laghdú)/méadú ar iníocaíochtaí	3,916	22,746
	(14,643)	19,816